# NUACHT ÉICEASCOILEANNA

Lúnasa 2015

## San eagrán seo:


- Fáilte ar ais
- Tacaíonn an tAire le Feachtas na nGráinneog
- Laethanta Domhanda Gníomhaíochta - Live Here Love Here
- Comórtas Póstaeir Thrócaire 'Dúil sa Dúlra, Dúil sa Domhan'
- Nuacht Scoileanna: Lá oscailte Thailte Scoile Ballycraigy
- Nuacht ár gComhpháirtithe: Cruinnithe cnuasghrúpaí Chomhairle Buirge an Iúir, Mhúrna agus an Dúin
- Nuacht Eile
- Nuacht Maoinithe


## Fáilte Ar Ais!

Tá súil againn go raibh briseadh breá samhraidh agat agus go bhfuil tú ag tnúth le scoilbhliain nua lán éicea-smaointe agus éachtaí.

Tréaslaímid le gach ceann den 128 scoil a bhain amach gradam an Bhrait Ghlais anuraidh - bliain eile de ghnóthú thar na bearta do scoileanna i dTÉ. Tá cuma na maitheasa ag teacht ar chúrsaí arís i mbliana agus tá neart smaointe agus tionscadail mhaithe againn le cuidiú leat gradaim Éicea-Scoileanna a bhaint amach, mar sin coinnigh súil ar an spás seo le tuilleadh eolais a fháil i rith na bliana.

**Spriocdhátaí d'iarratais an Bhrait Ghlais 2016.**

- **An 8 Eanáir 2016** - le go ndéanfar measúnú air go cinnte roimh Shaoire na Cásca
- **An 11 Márta 2016** - go ndéanfar measúnú air go cinnte roimh an 24 Meitheamh 2016.

Cuimhnigh gur féidir iarratas a sheoladh isteach am ar bith i rith na scoilbhliana. Le tuilleadh eolais a fháil ar an phróiseas iarratais, caith súil ar ár suíomh idirlín.




*Bunscoil Lisnasharragh Béal Feiste, agus Bua an Bhrait Ghlais á cheiliúradh acu*

## An tAire ag tacú le Feachtas na nGráinneog

D'fhógair an tAire Comhshaoil, Mark H Durkan, gairm chun gnímh, ag iarraidh ar an phobal gráinneoga a chosaint.

Sna 1950í, rinne daoine meastachán gur mhair 36.5 milliún gráinneog sa Bhreatain. Is cosúil go bhfuil níos lú ná milliún gráinneog fágtha sa lá atá inniu ann.

Tá ról an-dearfach ag na gráinneoga sna gairdíní s'againn agus iad ag ithe slugaí agus seilidí agus tá siad ar na speicis is tábhachtaí atá againn. Thiocfadh leat iad a mhealladh isteach chuig suíomh na scoile má fhágann tú amach bia fóirsteanach ar nós mionphéisteanna nó bia cait nó madaidh.



Is féidir, fosta, baile a chruthú do ghráinneoga i do spás glas féin trí ghnáthóg shábháilte a chur ar fáil dóibh. Is breá leo dlúthchasarnach agus féar rud beag níos faide agus is iontach an leithscéal é le 'ceantar fiáin' a bheith ann i do ghairdín. Chomh maith leis sin, is furasta 'óstán gráinneog' a thógáil. Teach idéalach acu ná bosca bunúsach adhmaid ar bith a bhfuil clár uiscedhíonach air agus poill le dul isteach ann. Má dhéanann tú poll beag sna sconsaí, cuideoidh sé sin leo bogadh trí na conair ghlasa a chruthaíonn tú dóibh.

*Léigh an scéal ina iomláine anseo.*

Beidh tuilleadh leideanna agus smaointe againn duit i rith na bliana agus ba bhreá linn a chluinstin uait má tá gráinneoga agatsa ar shuíomh do scoile .



Beidh muid ag obair i bpáirt le Live Here Love Here faoi choinne ár gcuid Laethanta Domhanda Gníomhaíochta Éicea-Scoileanna i mbliana

# Laethanta Domhanda Gníomhaíochta Éicea-Scoileanna 2-6 Samh 2015 - Live Here Love Here

Is tionscnamh ar Chlár Idirnáisiúnta Éicea-Scoileanna de chuid na Fondúireachta um Oideachas Imshaoil (FOI) iad na *Laethanta Domhanda Gníomhaíochta,* a reáchtáiltear uair sa bhliain, agus tá sé mar sprioc aige cumhacht a thabhairt do dhaltaí ar fud na cruinne le go dtig leo an t-athrú a dhéanamh atá de dhíth ar ár ndomhan in-bhuanaithe trí pháirt a ghlacadh i bhfoghlaim ghníomhach shultmhar.

I mbliana, tá Éicea-Scoileanna TÉ ag dul i bpáirt le Feachtas Live Here Love Here de chuid Keep Northern Ireland Beautiful, le gach duine a spreagadh chun grá a thabhairt don áit seo is baile dúinn, trí bheith páirteach i Lá Gníomhaíochta comhshaoil.

Cuirimid cuireadh ar scoileanna imeacht a chlárú agus ceann amháin acu seo a leanas, nó iad uilig, a dhéanamh:

- **Glanadh** - cuir slacht ar thailte na scoile nó cúinne cáidheach áitiúil trí imeacht bailithe bruscair a eagrú.
- **Glasú** - cuir dóigh ar phlota a d'éirigh fiáin trí lustan a bhaint agus síolta a chur.
- **Cóiriú** - tagaigí i gceann a chéile le tabhairt faoin ghraifítí agus faoi loitiméireacht trí bheagán péinte a chaitheamh thart agus coirnéal gruama a athbheochan.

Déan teagmháil le ruth.vanry@keepnorthernirelandbeautiful.org le clárú le haghaidh tuilleadh eolais agus uirlisí úsáideacha a chuideoidh

*"Iarraimid ar gach duine a gcuid dílseachta a dhearbhú inniu agus athrú dearfach amháin a dhéanamh le daoine ar fud Thuaisceart Éireann a ghríosú chun grá don áit ina gcónaíonn siad a léiriú trí bheith ag cuidiú a dhéanamh ina gcomhphobal féin."*

*- Dr. Ian Humphreys,*

**Fíric: TÉ thíos le bille £40m don ghlantachán sráide gach bliain**



# Comórtas Póstaeir 'Dúil sa Dúlra, Dúil sa Domhan' le Trócaire agus Éicea-Scoileanna

Is é 'Dúil sa Dúlra, Dúil sa Domhan' topaic an chomórtais póstaeir le Trócaire agus Éicea-Scoileanna i mbliana agus iarrtar ar dhaltaí bunscoile smaoineamh faoin dóigh a dtig leo a ngnáthamh laethúil a fheabhsú chun a lorg coise carbóin agus a thionchar sin a laghdú ar thíortha ar fud an domhain atá thíos cheana féin le drochthionchair Téamh Domhanda agus Athrú Aeráide.

Molann an comórtas naisc chuig acmhainní úsáideacha teagaisc le tabhairt faoin topaic. Baineann sé seo leis an topaic Éicea-Scoileanna 'Peirspictíocht Dhomhanda' rud a shuíonn go deas le go leor topaicí Éicea-Scoileanna eile agus a chuideoidh leat bheith ag obair i dtreo ghradaim Éicea-Scoileanna.



Bronnfar an dealbh uathúil shaindeartha "Ar Scáth A Chéile A Thógaimid Domhan Níos Fearr" ar an scoil bhuacach, dealbh a chruthaigh an t-ealaíontóir áitiúil Gloria Perry agus daltaí ag Imeacht Ceiliúrtha Chomóradh 20 Bliain Éicea-Scoileanna.

- ***Dé hAoine 16 Deireadh Fómhair 2015*** dáta druidte an chomórtais.

Tá tuilleadh eolais agus foirmeacha iontrála ar fáil ag ár suíomh idirlín nó déan teagmháil le ruth.vanry@keepnorthernirelandbeautiful.org le haghaidh tuilleadh eolais.

*Thuas: Dealbh duaise 'Ar Scáth a Chéile a Thógaimid Domhan Níos Fearr'*

# Nuacht scoileanna: Lá Oscailte Thailte Scoile ag Ballycraigy



Agus an Gradam 'Scoth na Sárscoileanna' bainte acu le deireanas sna Gradaim do na Scoileanna is Feistiúla i mí an Mheithimh, chuir Ballycraigy Primary School, Aontroim (Ambasadóir Éicea-Scoileanna do thopaic na dTailte Scoile) - chuir siad fáilte roimh 12 scoil agus eagraíochtaí eile chuig a ngairdíní, a gcúinne fiadhúlra agus a gcosán corpacmhainne lena fheiceáil cad é a bhí ar bun acu.

Shíl na cuairteoirí a mhór de dhíograis na ndaltaí agus na múinteoirí agus fuair siad inspioráid ón obair ar thailte na scoile a d'fhás bliain i ndiaidh bliana ina acmhainn iontach lena n-áirítear: cosán fiáin coille - lena theach gráinneoige féin; luibhghort ar léibheann gréine; gairdín oidhreachta Mhaigh Chomair; garraí torthúil glasraí ina bhfuil teach gloine agus polathollán; cosán corpacmhainne agus ná déantar dearmad ar na cearca - Cnaipín Sicín, Sicín Licín and Lorga Sicín!



Istigh sa scoil, bhí taispeántas de thionscadail eile Éicea-Scoileanna a rinne an scoil agus rogha de shólaistí blasta baile, a bhuíochas don ghrúpa iontach tuismitheoirí a thugann an-tacaíocht i rith na bliana sa gharraí agus in áiteanna eile.

Tagann rath Ballycraigy ó ionchur an-bhreá daltaí, múinteoirí, bord bainistíochta agus eagraíochtaí eile pobail a thacaigh leo i rith an bhealaigh. Bhain said buntáiste maith as na deiseanna tiomsaithe airgid ón scéim Cash for Clobber le hairgead a bhailiú leis na tailte scoile a fheabhsú.

## Nuacht ár gComhpháirtithe Seachadta:

Cuireann sé ríméad orainn go dtugann cuid mhór de na Comhairlí áitiúla tacaíocht leanúnach do chlár Éicea-Scoileanna.

Tá trí dháta sa dialann ag Comhairle Buirge an Iúir, Mhúrna agus an Dúin le haghaidh cnuasghrúpaí. Gabh chuig ceann de na himeachtaí úsáideacha seo le cluinstin ón Chomhairle, ó Éicea-Scoileanna agus ó eagraíochtaí eile faoi thionscadail a dtig leatsa bheith páirteach iontu. Is deis iontach iad na cruinnithe seo le plé a dhéanamh le scoileanna eile i do cheantar agus tuairimí a mhalartú.

- 06 D. Fómh -12.30-3.00pm. Páirc Foraoise Shliabh gCuillinn, Cill Shléibhe, an tIúr, BT35 8SW
- 07 D. Fómh - 2.30-4.30pm. Oifigí Chomhairle an Dúin, Dún Pádraig, BT30 6RA
- 12 D. Fómh -12.30-3.00pm. Nautilus Centre, Br. Uí Ruanaí, Cill Chaoil, BT34 4AG

Déan teagmháil le Lucinda Scott i nDún Pádraig agus Patrick McShane san Iúr le breis eolais a fháil.

# Nuacht Eile:

## Cruinniú Oibrithe Náisiúnta Éicea-Scoileanna (CON)

Tá Tuaisceart Éireann roghnaithe ag an Fhondúireacht um Oideachas Imshaoil (FOI) le haghaidh Comhdháil chlúiteach idirnáisiúnta d'Oibrithe Náisiúnta Éicea-Scoileanna i Samhain 2015 agus beidh ionadaithe ó FOI agus ó 59 tír ar fud an domhain ag teacht go Tuaisceart Éireann le dea-chleachtas a roinnt agus le forbairt leanúnach Éicea-Scoileanna ar mhaithe lenár ndaoine óga agus leis an timpeallacht go domhanda a phlé. Fosta, mar aoí-náisiún, cuirfimid eispéireas saibhir, fáilteach, cultúrtha roimh na cuairteoirí agus léireoimid cuid den dea-obair atá idir lámha againn i scoileanna Thuaisceart Éireann. Is iomaí Éicea-Scoil iontach atá againn i dTÉ ar chóir bheith bródúil aisti agus táimid ag dúil le hobair iontach ár gcuid scoileanna a chur os comhair ár gcuid aíonna ó gach cearn den domhan.

## Físeán d'Ócáid Comórtha 20 bliain Éicea-Scoileanna

I Márta 2015 cheiliúir Éicea-Scoileanna 20 bliain den chlár ag ócáid ar leith i Machaire Fíolta. Bhí 2000 aoi i láthair ó scoileanna, lucht urraithe agus comhpháirtithe seachadta Éicea-Scoileanna, Comhairlí agus eagraíochtaí eile comhshaoil. Amharc ar an fhíseán anseo le blaiseadh beag a fháil ar an lá.

## Suíomh Nua Éicea-Scoileanna

Bhí muid ag obair go dian an samhradh seo chun an suíomh s'againn a uasdátú, a dhéanamh níos feidhmiúla agus níos áisiúla don úsáideoir. Tabhair cuairt ar www.eco-schoolni.org go bhfeice tú. Tá súil againn go mbainfidh tú sult as agus ba bhreá linn aiseolas ar bith a bheadh agat a chluinstin.

## Nuacht Keep Northern Ireland Beautiful:

Is é an carthanas comhshaoil Keep Northern Ireland Beautiful a reáchtálann Éicea-Scoileanna i dTuaisceart Éireann. Seo a leanas an nuacht is deireanaí faoi thionscadail eile de chuid na heagraíochta s'againn -

### Suirbhé ar Bhruscar Mara Eisithe

I ndiaidh suirbhé 3 bliana de chuid Keep Northern Ireland Beautiful, tháinig sé chun solais go mbíonn os cionn 5,000 píosa bruscair ar an ghnáthchiliméadar de thrá i dTuaisceart Éireann.

Bhí foireann Keep Northern Ireland Beautiful ag cuntas an bhruscair ar thránna ó Loch Feabhail go Loch Cairlinn le trí bliana anuas agus tá torthaí 2015 ar na torthaí is measa go fóill. Ar na ceithre thrá dhéag a taifeadadh, chonacthas ar an mheán, 1,500 giota de phlaisteach, 425 buidéal plaisteach dí agus180 baitín cadáis in aghaidh an chiliméadair.



Bhí an méid seo le rá ag Chris Allen, a d'eagraigh an suirbhé ar son Keep Northern Ireland Beautiful, "Dhumpáil stoirmeacha an gheimhridh tonnaí de bhruscar ar thránna thar oíche, rud a thugann le fios go bhfuil neart bruscair san fharraige cheana féin, agus nach bhfuilimid ach ag cur leis. Caithfimid an damáiste atáimid a dhéanamh dár sláinte agus dár rathúnas féin a aithint agus muid ag caitheamh bruscair thart."

Ach ní drochscéal amach is amach atá ann mar thug daoine 3,000 uair an chloig go deonach chun a dtrá áitiúil agus a cuid fiadhúlra a fheabhsú agus a chosaint agus, dá thoradh sin, tugadh chun siúil chóir a bheith 15.5 tonna bruscair. Is léir fosta go bhfuil ag éirí leis an táille ar mhálaí plaisteacha, nó níor tháinig méadú ar bith ar líon na málaí in ainneoin an mhéadaithe ar bhruscar ina iomláine.

Chun an scéal iomlán a fháil agus cóip den tuairisc, tabhair cuairt ar www.keepnorthernirelandbeautiful.org.

### Live Here Love Here i mbun glantacháin i ndiaidh na féile

I mí Iúil, roghnaíodh Live Here Love Here mar pháirtí carthanachta Fhéile Dhál Riada 2015. Chuaigh foireann agus grúpa d'oibrithe deonacha chuig Caisleán Ghleann Arma do dheireadh seachtaine iontach . Bhuail siad le neart daoine nua a bhí breá sásta a rá go bhfuil siad 'Beo Anseo' agus gur 'Breá é Anseo'. Bhailigh sruth leanúnach d'oibrithe deonacha bruscar go réchúiseach agus iad ag baint sult as gníomhaíochtaí an lae agus d'fhan go leor eile chun tairbhe a bhaint as an cheolchoirm i ndiaidh a gcuid oibre. Chaith 12 oibrithe deonacha 3 uair an chloig an lá dár gcionn chun príomhláthair na coirme a ghlanadh - agus is sárobair a rinne siad!!!



Cé gur fíor a rá nach gcaitheann formhór na ndaoine bruscar, is cosúil go mbíonn tionchar ag meon an tslua ag mórimeachtaí. Bruscar is ea an bruscar agus sin í an fhírinne, is cuma cá dtarlaíonn sé agus beidh ar dhuine éigin eile é a bhailiú. Bhí muid ag fiafraí - an gcaithfeadh daoine bruscar go fóill dá gcuirfí táille an ghlantacháin le costas an ticéid?

Tugadh roinnt duaiseanna ar shiúl ar an lá - ina measc turas héileacaptair le radharc ón spéir a fháil ar chósta agus ar ghleannta a bhainfeadh an anáil díot. Le do thacaíocht a chur in iúl don fheachtas Live Here Love Here tabhair cuairt ar www.liveherelovehere.org.

## Deiseannna maoinithe:

### Ciste Dúshlán 2015/16

Tá Ciste Dúshlán 2015/16 ar oscailt d'iarratais ó scoileanna ar fud Thuaisceart Éireann.
Tá an catagóir **Oideachas Timpeallachta** oscailte do scoileanna, agus is féidir leo cur isteach ar thacaíocht ar fiú suas le £4,000 í.

Fáilteofar roimh iarratais **go dtí meán lae Dé hAoine 25 Meán Fómhair 2015**. Beidh iarrthóirí rathúla in ann a dtionscadail a thosú ag deireadh Dheireadh Fómhair 2015. Le heolas a fháil ar an dóigh le hiarratas a chur isteach, tabhair cuairt ar leathanach gréasáin cistithe GCTÉ. Le tuilleadh mionsonraí a fháil faoi mhaoiniú, caith súil fosta ar na nótaí treorach agus ar an doiciméad Ceisteanna Coitianta. Má tá aon fhiosrúchán eile agat , gabh i dteagmháil le foireann an Chiste Dúshláin ag Challenge-Fund@doeni.gov.uk.

### Scéim Miondeontais Live Here Love Here

Tá scéim miondeontas Live Here Love Here oscailte do ghrúpaí deonacha ar mhaith leo tabhairt faoi thionscadal feabhsúcháin timpeallachta nó comhphobail ina gceantar féin. Tá deontais ar fáil ó **£500** go **£5,000** agus tá siad oscailte do ghrúpaí deonacha agus pobail, na scoileanna uilig agus eagraíochtaí tríú leibhéal, grúpaí óige agus clubanna spóirt a thugann faoi thionscadail mhórtas pobail sna limistéir Chomhairle seo a leanas:

- Comhairle Buirge Aontroma agus Bhaile na Mainistreach
- Comhairle Buirge na hArda agus Thuaisceart an Dúin
- Comhairle Cathrach Bhéal Feirste
- Comhairle Ceantair Fhear Manach agus na hÓmaí
- Comhairle Buirge Lár agus Oirthear Aontroma
- Comhairle Buirge an Iúir, Mhúrna agus an Dúin (tríd an chlár Down Your Street )



Caithfidh na tionscadail tarlú taobh istigh de theorainneacha na limistéar Comhairle atá páirteach, agus a bheith á reáchtáil ag grúpaí taobh istigh de na limistéir sin, le cáiliú.

**Dáta druidte d'iarratais 12 meán lae 28 Meán Fómhair 2015**
Cliceáil anseo le cuairt a thabhairt ar an suíomh, le léamh faoi thionscadail a fuair maoiniú anuraidh agus le pacáiste iarratais a íoslódáil. Má tá ceisteanna ar bith agat, cuir ríomhphost chuig: smallgrants@liveherelovehere.org

### Tabhair 'Lámh Chuidithe' do Keep Northern Ireland Beautiful

Roghnaigh Keep Northern Ireland Beautiful, an carthanas a fheidhmíonn an clár Éicea-Scoileanna i dTuaisceart Éireann, roghnaigh siad an grúpa Helping Hand Environmental mar a rogha páirtí comhshaoil oifigiúil don bhliain 2015 agus tá súil acu go mbeidh rath ar an chomhpháirtíocht oibre láidrithe le Comhlacht Lámhuirlisí Glanta Bruscair #1 de chuid na RA, agus an carthanas comhshaoil ag fógairt forbairt chorraitheach ina gcomhpháirtíocht – piocaire bruscair saincheaptha!

Is féidir le scoileanna na piocairí nua bruscair a cheannach mar chuid den Fhoirm Ordaithe oifigiúil atá ag Keep Northern Ireland Beautiful i gcomhar le Helping Hand Environmental. Tugann an scéim deis do scoileanna trealamh glanta bruscair a cheannach agus airgead a bhailiú do Keep Northern Ireland Beautiful gach uair a luann siad KNIBGROUP nuair a chuireann siad ordú isteach chuig Helping Hand Environmental.


**Déan teagmháil linn ag:**

Éicea-Scoileanna Thuaisceart Éireann
Keep Northern Ireland Beautiful
Teach an Droichid, 2 Ascall Paulett
Béal Feirste, BT5 4HD
Teli: 028 9073 6920
eco-schools@keepnorthernirelandbeautiful.org


**Ná stad ansin! Le teacht ar thuilleadh nuachta, smaointe tionscadal, treoir ar chláir, cásanna staidéir, eolas ar chomhpháirtithe seachadta, agus a lán eile, breathnaigh suíomh gréasáin Éicea-Scoileanna Thuaisceart Éireann.**